



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Oifig an Sparánaí
Scoil Aonad:	Seirbhísí Eastáit UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair :	Bainisteoir Champas na hOllscoile
Tréimhse an Phoist:	Post Buan (Ina theannta sin, painéal SÉ mhí as a bhféadfar poist bhuana agus/nó sealadacha (lánaimseartha) (de thréimhsí éagsúla) a líonadh ina dhiaidh sin.)
Grád:	95 Oifigeach Riaracháin 1
Scála Tuarastail:	€53,876 - €72,929 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Oibríochtaí Eastáit – Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	Ní bhaineann
Bainisteoir Líne:	Stiúrthóir Seirbhísí Eastáit nó ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	020068
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Nicole Johnston
Costais Athlonnaithe:	Ní bhaineann
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:	Tá gá le Grinnfhiosrúchán.
Iarratais agus Dáta Deiridh:	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre:	Níl

Achoimre ar an bPost:

Oibríonn Bainisteoir Champas na hOllscoile laistigh de Sheirbhísí Eastáit UCD agus tá siad mar bhall d'fhoireann sholúbtha agus ildisciplíneach, a chuireann seirbhísí speisialaithe ar fáil.

Beidh an t-iarrthóir rathúil mar chuid d'fhoireann Bainistíochta Champas na hOllscoile agus beidh orthu ról gníomhach a ghlacadh maidir le gnáthoibríochtaí an champais a bhainistiú, seirbhísí a chur ar fáil, agus tionscadail ar fud láithreáin na hollscoile a bhainistiú. Beidh an ceapaí freagrach as caighdeán cháilíochta oibríochtúla a shocrú, a bhaint amach, agus a choinneáil chun tacú le pobal níos leithne na hOllscoile. Bíonn obair rithábachtach ar bun ag foireann Bainistíochta Champas na hOllscoile chun pobal na hOllscoile a chosaint agus a shlánú. Déanann siad maoirseacht ar chásanna criticiúla agus éigeandála, ag comhordú freagairt d'eachtraí san Ollscoil ar bhonn 24 uair an chloig. Áirítear leis seo coireacht, timpistí, idir theicniúil agus leighis. Tá Bainisteoir Champas na hOllscoile rithábachtach do thaithí na mac léinn, agus díreann ar chúnamh a thabhairt do na breis is 4,000 mac léinn atá ina gcónaí ar an gcampas. Chun na dualgais seo a chomhlíonadh, beidh ar Bhainisteoir Champas na hOllscoile cumarsáid a dhéanamh le Bainistíocht Shinsearach na hOllscoile agus le geallsealbhóirí seachtracha agus cásanna a chur ar aghaidh chucu go rialta.

Braitheann córas Bainistíochta Champas na hOllscoile ar struchtúr foirne atá comhtháite, réamhghníomhach, agus comhoibríoch. Chun tacú le seachadadh na seirbhíse riachtanacha seo, táthar ag súil go mbeidh baill foirne páirteach go gníomhach ina bhforbairt féin agus i bhforbairt na foirne.

Nóta tábhachtach d'iarratasóirí /Sainiúil don phost seo:

- Cruthófar Painéal freisin trína bhféadfar poist bhuana agus/nó sealadacha (lánaimseartha) eile 'Bainisteoir Champas na hOllscoile' a líonadh; agus má thagann siad chun cinn laistigh de SHÉ mhí ón gcéad chomórtas chun Post Buan (amháin) atá folamh faoi láthair a líonadh. [NB: Is minic a athróidh fad na bpost sealadach

(lánaimseartha) ina dhiaidh sin a thairgtear de bhun Painéal a bhunú.)

- Beidh ar iarrthóirí oibriú ar bhonn sealaíochta. Mairfidh gach seal dhá uair déag chun a chinntiú go mbeidh Bainisteoir Champas na hOllscoile i láthair ar an láthair 24 uair an chloig, 365 lá sa bhliain.
- Tá sé riachtanach éadaí breacfoirmiúla a chaitheamh.